

Fógra maidir le tionscadal beartaithe de bhun Rialachán 42(13) de Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (maidir le hÉin agus Gnáthóga) 2011 I.R. Uimh. 477 de 2011), arna leasú.

I. Suíomh, cineál agus fairsinge an tionscadail bheartaithe

Seo a leanas suíomh, cineál agus fairsinge an tionscadail bheartaithe; gníomhaíocht bheartaithe díshiolta ag Iontógáil Abhainn Pholl an Mhóintigh, an Baile Liath, Ros Mhic Thriúin, Contae Loch Garman.

Tá tuilleadh sonraí maidir le cineál agus fairsinge an tionscadail bheartaithe ar fáil sa Ráiteas Tionchair Natura 'Ráiteas Tionchair Natura maidir leis an nGníomhaíocht bheartaithe díshiolta laistigh d'Abhainn Pholl an Mhóintigh ag an mBaile Liath, Ros Mhic Thriúin, Contae Loch Garman' (Panther Ecology Ltd., 01/08/2025).

II. Na moltaí féideartha

Cinnfidh Uisce Éireann, de bhun Rialachán 42(11) de Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (maidir le hÉin agus Gnáthóga), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011), arna leasú, agus de bhun Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh tionchar díobhálach ag an tionscadal bheartaithe ar shláine láithreáin Eorpaigh.

III. Cén áit agus cén uair is féidir breathnú ar na cáipéisí

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal bheartaithe a fheiceáil ar líne ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann (<https://www.water.ie/about/appropriate-assessment-determination/appropriate-assessment/>). Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal bheartaithe a fheiceáil saor in aisce ag oifigí Uisce Éireann ach coinne a dhéanamh ag an seoladh seo a leanas:

Teach Colvill
24-26 Sráid Thalbóid
Baile Átha Cliath 1
D01 NP86,
Éire.

Is féidir coinní le haghaidh breathnaithe a eagrú trí scríobh chuig an seoladh poist thuas nó trí ríomhphost a sheoladh chuig: AASubmissions@water.ie.

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal bheartaithe a cheannach freisin ar tháille nach mó ná an costas réasúnta a ghabhann le rud den sórt sin a chur ar fáil. Is féidir iarrataí ar chóipeanna crua a cheannach a dhéanamh chuig an seoladh ríomhphoist agus an seoladh poist thuas.

IV. Féadfaidh duine aighneachtaí nó breathnóireachtaí a dhéanamh leis an údarás poiblí laistigh den achar ama a leagtar amach san fhógra

Féadfaidh an pobal aighneachtaí nó breathnóireachtaí i scríbhinn maidir leis an tionscadal bheartaithe a dhéanamh chuig Uisce Éireann ón 01/08/2025 go dtí an 12/09/2025. Is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí a sheoladh trí ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas:

AASubmissions@water.ie. Nó is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí a sheoladh tríd an bpost chuig:

Bainisteoir Comhshaoil agus Éiceolaíochta,
Teach Colvill
24-26 Sráid Thalbóid
Baile Átha Cliath 1
D01 NP86,
Éire.

V. Aon sonraí eile maidir le rannpháirtíocht an phobail

Tabharfaidh Uisce Éireann aird mar is cuí ar aon aighneachtaí nó breathnóireachtaí a gheofar ón bpobal. Sonraí pearsanta a gheofar in aighneachtaí nó breathnóireachtaí, déanfar iad a phróiseáil de réir Fhógra Príobháideachta UÉ atá ar fáil ag <https://www.water.ie/privacy-notice>. Is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí a phasáil chuig ár gcuid soláthraithe seirbhíse tríú páirtí lena n-anailísiú, lena mbreithniú agus lena bhfreagairt. D'fhéadfaí anailís, breithniú agus freagairt den sórt sin a thaifead.

VI. Aon eolas eile a mheasann an t-údarás poiblí a bheith ábhartha

D'fhéadfadh roinnt faisnéise atá laistigh den Ráiteas Tionchair Natura a bheith ina baol i ndáil le caomhnú speiceas nó gnáthóga cosanta, má chuirtear ar fáil í go poiblí. Ar an gcúis sin agus nuair is infheidhme, foláíodh an fhaisnéis sin. Nuair is infheidhme, foláíodh sonraí pearsanta freisin de bhun cheanglais an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Dáta: 01/08/2025.